C/2026/2055

1.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12389 — GIM / TCR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2055)

1. An 18 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Global Infrastructure Management, LLC ('GIM', US), faoi rialú deiridh BlackRock, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá)

— TCR Group ('TCR', an Bheilg), faoi rialú 3i Group plc (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh GIM rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar TCR ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é GIM bainisteoir ciste bonneagair neamhspleách domhanda Global Infrastructure Partner a dhíríonn go príomha ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, na dramhaíola, an uisce agus an bhonneagair dhigitigh.

— Tá TCR gníomhach go príomha i léasú iomlán trealaimh tacaíochta ar talamh do láimhseálaithe neamhspleácha ar an talamh, d'aerfoirt agus d'aerlínte ar fud an domhain. Soláthraíonn TCR seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála freisin (ar an gcabhlach ar léas den chuid is mó, ach ar an gcabhlach neamhléasaithe/tríú páirtí freisin) agus seirbhísí bainistithe flíteanna.

3. Tar éis dó réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12389 — GIM / TCR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.